C/2026/5767

29.10.2026

Fógra le haghaidh an Communist Party of the Philippines, lena n-áirítear New People's Army (NPA), an Khalistan Zindabad Force (KZF) agus The Base, a áirítear ar liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a chumhdaítear le Cinneadh (CBES) 2026/455 ón gComhairle maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus le Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac.

(C/2026/5767)

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas ar aird an Communist Party of the Philippines, lena n-áirítear New People's Army (NPA), an Khalistan Zindabad Force (KZF) agus The Base, ar grúpaí iad atá in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2026/455 ón gComhairle ([1]) agus in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2026/456 ón gComhairle ([2]) an 26 Feabhra 2026 maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac.

Is é a bheartaíonn an Chomhairle na bearta sriantacha in aghaidh na ngrúpaí thuasluaite a choinneáil agus ráitis leasaithe ar chúiseanna a bheith ag gabháil leo. Leis seo, cuirtear in iúl do na grúpaí lena mbaineann, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun na ráitis ar chúiseanna atá beartaithe maidir lena n-ainmniú a choinneáil ar bun a fháil, roimh **an 5 Samhain 2026,** ag an seoladh a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh (Faoi bhráid: Ainmníochtaí COMET)
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

([1]) IO L, 2026/455, 26.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/455/oj.
([2]) IO L, 2026/456, 26.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/456/oj.